**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2005 **M52T**

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛ 

# CEOL - ARDLEIBHÉAL

## ÉISTEACHT - ÉIGEANTACH (100 marc)

## DÉARDAOIN 23 MEITHEAMH - MAIDIN, 9. 30 go dtí 11.00

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na Marcanna

| CEIST | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- *Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an triailsliocht. Muna féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, labhair leis an bhfeitheoir láithreach bonn.*
- *Bíodh cluas le héisteacht agat don ghíog rabhaidh agus do na fógraí ar an taifeadadh.*
- *Is féidir leat do chuid freagraí a scríobh de réir mar is áil leat féin, le linn an taifeadta, nó le linn na sosanna.*
- *Scríobh do chuid freagraí go léir sa fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. Sna ceisteanna ina dtugtar rogha, cuir tic sa bhosca cuí.*
- *Bain leas as na spásanna laistigh den chlúdach cúil do shracobair.*
- *Ná tabhair aon pháipéir eile isteach leat i halla an scrúdaithe.*
- *Ní ceadmhach duit caint, cnagadh, nó crónán a dhéanamh ná canadh le linn an scrúdaithe seo.*

**C. 1** Sliocht as *Ceathairéad Pianó Uimh. 1* le Gearalt de Barra

- Ní sheinnfear an sliocht iomlán ach AON UAIR AMHÁIN. Seinnfear ansin codanna A, B agus C, a tógadh as an sliocht seo, TRÍ huaire.
- Freagair na ceisteanna ar leathanach 3.

**Cuid A, Barraí 1–26, agus an t-athdhéanamh de san áireamh.**



**Cuid B, Barraí 53-107. Ar an taifeadadh, seinntear an tséis (barraí 53-70) trí huaire.**
**Ní thugtar na nótaí do na hathdhéanaimh.**



**Cuid C, Barraí 108-154. Níl aon cheol clóbhuailte ann don chuid seo.**

**Cuid A, Barraí 1–26, agus an t-athdhéanamh de san áireamh.**

(i) Ainmnigh an fonn a bhfuil an sliocht seo bunaithe air ________________________

(ii) Déan cur síos ar úsáid chanóna sa sliocht seo.

_______________________________________________

_______________________________________________

(iii) Líon isteach na nótaí atá ar iarraidh, a sheinneann an veidhlín, ar an scór i mbarraí 4 agus 5.

**Cuid B, Barraí 53–107.**

(i) Cloistear an fonn trí huaire sa sliocht seo. Déan cur síos ar dhá shlí ina bhfuil *céadchasadh* an fhoinn éagsúil leis an *tríú* casadh. Tagair don dá sheinm i do fhreagra.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

(ii) Cuir isteach na hamchomharthaí atá ar iarraidh i mbarraí 60, 61 agus 62.

**Cuid C, Barraí 108–154. Níl aon cheol clóbhuailte ann don chuid seo. Seinntear an tséis trí huaire.**

(i) Sainaithin agus déan cur síos ar theicníc uirlise a chloistear sa sliocht seo.

_______________________________________________

_______________________________________________

(ii) An *dara* huair a chloistear an tséis, seinntear í

❐ ochtach níos ísle ❐ ag an airde chéanna ❐ ochtach níos airde

(iii) Déan cur síos ar an úsáid a bhaineann Gearalt de Barra as foinn Ghaelacha sa *Cheathairéad Pianó Uimh. 1* dá chuid.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

**(25)**

**C. 2** Seinnfear sliocht as Cantáid 78 *Jesu, der du meine Seele* de chuid Bach TRÍ huaire.

- Beidh sos oiriúnach ann i ndiaidh gach seanma.
- Tá imlíne an scóir clóbhuailte thíos.




- Freagair na ceisteanna seo a leanas

(i) Ainmnigh an cineál gutha a chanann líne na séise sa sliocht seo _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Ainmnigh DHÁ uirlis a dhúblaíonn an tséislíne sa sliocht seo.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Is é gléas na gluaiseachta seo ná

❒ B♭ mór ❒ D mion ❒ G mion ❒ G mór

(iii) Cuir isteach na nótaí rithime agus séise atá ar iarraidh ar an scór i mbarraí 11 agus 12.

(iv) Cé acu díobh seo a leanas a chloistear i bpáirt an *continuo* i mbarraí 13-14?

❒ gluaiseacht chéimneach ❒ croisíní i gcoinne an bhuille ❒ cordaí briste

(v) Sainaithin na dúntaí ag **X** agus **Y**.

X _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ Y _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**C. 3** Seinnfear sliocht as *Bohemian Rhapsody* de chuid Queen TRÍ huaire.

• Beidh sos oiriúnach ann i ndiaidh gach seanma.
• Tá na liricí clóbhuailte thíos.

1. Mama, just killed a man, Put a gun against his head,
2. Pulled my trigger, now he’s dead.
3. Mama, life had just begun, But now I’ve gone and thrown it all away.
4. Mama, ooh, Didn’t mean to make you cry.
5. If I’m not back again this time tomorrow, carry on,
6. Carry on as if nothing really matters.

• Freagair na ceisteanna seo a leanas

(i) Ainmnigh an DÁ uirlis a dhéanann an t-amhránaí a thionlacan i línte 1 agus 2.

1. ________________ 2. ________________

(ii) Cuir fáinne timpeall ar an bhfocal sa téacs ina gcloistear na ciombail den chéad uair.

(iii) Sainaithin DHÁ ghné de chuid an tionlacain sa sliocht seo.

______________________________________________

______________________________________________

(iv) Déan cur síos ar DHÁ shlí ina bhfuil ceol an véarsa ina dhiaidh sin éagsúil leis an véarsa sa sliocht seo. Déan tagairt don *dá* véarsa i do fhreagra.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(v) Sainaithin DHÁ theicníc thaifeadta a úsáidtear in *Bohemian Rhapsody*.

1. ________________________ 2. ________________________

**(10)**

**C. 4** Seinnfear sliocht as an *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* de chuid Tchaikovsky TRÍ huaire.

- Beidh sos oiriúnach ann tar éis gach seanma.
- Tá imlíne scóir bharraí 1-4 an tsleachta clóbhuailte thíos.



- Freagair na ceisteanna seo a leanas

(i) Cén chuid den saothar as ar tógadh an sliocht seo? ______________________________

(ii) Is é a thugtar ar an téama a chloistear sa sliocht seo ná ____________________________

(iii) Déan cur síos ar ghné AMHÁIN rithimeach de chuid an téama seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

(iv) Cloistear canóin i dtreo dheireadh an tsleachta. Sainaithin DHÁ uirlis a sheinneann i gcanóin.

1. ________________ 2. ________________

Cé acu ceann díobh seo a sheinneann na veidhlíní i rith na canóna?

☐ cordaí briste ☐ sleachta scála leathchamáin ☐ rithimí sioncóipithe

(v) Sa stíl Rómánsach atá stíl an tsaothair seo. Sainaithin agus déan cur síos ar dhá ghné de chuid na stíle seo atá sa réamhcheol seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**(10)**

**LEATHANACH BÁN**

**C. 5 Ceol Gaelach.** Freagair A agus B. Tabhair faoi deara go bhfuil rogha ceisteanna in B.

**A.** Cloisfidh tú TRÍ shliocht. Seinnfear gach ceann díobh TRÍ huaire.

**Sliocht 1**

(i) Ainmnigh an dá uirlis a sheinneann an tséis.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Ainmnigh uirlis amháin a sheinneann an tionlacan _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sainaithin cineál an fhoinn rince agus an t-amhchomhartha atá aige.

Rince: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ Amhchomhartha: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Scríobh dhá bharra rithime a bhaineann leis an gcineál rince seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Sliocht 2**

(i) Sainaithin stíl na cantaireachta sa sliocht seo _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Ainmnigh trí ghné de chuid na stíle amhránaíochta seo a chloistear *sa sliocht seo.*

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Is é réimse an cheoil sa sliocht seo ná

❐ séach ❐ ochtach ❐ níos mó ná ochtach

**Sliocht 3**

(i) Ag baint úsáide as litreacha, scríobh síos foirm an véarsa _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sainaithin ceithre huirlisí sa sliocht seo. 1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 4. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Déan cur síos ar DHÁ dhifríocht idir cóiriú véarsa 1 agus cóiriú véarsa 2. Ní mór duit tagairt a dhéanamh don *dá* véarsa i do fhreagra.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**B.** Freagair AON CHEANN AMHÁIN díobh seo a leanas.

(i) Déan cur síos ar stíleanna réigiúnacha léirithe i gcomhthéacs cheol traidisiúnta na hÉireann. I do fhreagra, déan tagairt do cheoltóir as gach ceann de na réigiúin a luann tú agus do shainsamplaí ceoil.

**NÓ**

(ii) Tabhair cuntas ar an bport, ríl agus cornphíopa Gaelach. I ngach cás, déan tagairt don amchomhartha, don rithim agus don struchtúr. Bíodh sampla ceoil le haghaidh gach rince san áireamh agat.

**NÓ**

(iii) Scríobh cuntas mar gheall ar ghrúpa a bhfuil staidéar déanta agat air i gcomhthéacs cheol traidisiúnta na hÉireann. I do fhreagra, déan tagairt do stíl an cheoil a léiríonn an grúpa agus do shainsamplaí ceoil.

**NÓ**

(iv) Pléigh cuid de na forbairtí a tharla i gceol traidisiúnta na hÉireann san fhichiú haois. I do fhreagra, déan tagairt do shainsamplaí ceoil.


**(25)**

**C. 6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar an gcurfá *Hallelujah* san oratóir *Messiah* de chuid Handel.

- Ní sheinnfear an sliocht iomlán ach AON UAIR AMHÁIN. Seinnfear ansin codanna A, B agus C, a tógadh as an sliocht seo, TRÍ huaire.
- Freagair na ceisteanna ar gach cuid.

**Cuid A**

- Tá an chéad 8 mbarra á gcanadh ag cór SATD clóbhuailte thíos. Lagann iontreoir cheolfhoirneach roimhe sin.




(i) Cé mhéad barra ceoil a sheinntear san intreoir sula dtosaíonn an cór ag canadh?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _


(ii) Is é rithim pháirt an doird ag **X** ná



(iii) Cuir fáinne timpeall ar bharra amháin ar an scór thuas ina dtarlaíonn sioncóipiú.

**Cuid B**

- Tá an chéad 11 bharra den dara cuid clóbhuailte thíos.



(i) Canann na guthanna i mbarra 12

❒ d'aon ghuth ❒ i dtréacha ❒ i gcúigigh

(ii) Comhlánaigh na nótaí séise atá ar iarraidh i mbarraí 17–19 ar an scór.

(iii) Cén uirlis phráis a dhúblaíonn an tséis sa chuid seo uaireanta?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Cuid C**

- Tá liricí tosaigh an téacs clóbhuailte thíos.
- Níl aon cheol clóbhuailte ann don chuid seo.

Líne 1: The Kingdom of this world is become
Líne 2: The Kingdom of our Lord and of His Christ, and of His Christ
Líne 3: And He shall reign for ever and ever …

(i) Sainaithin dhá shlí a bhfuil ceol líne 2 agus ceol líne 1 éagsúil le chéile iontu.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Cén t-ord ina gcanann na guthanna (sopráin, ailt, teanóir agus doird) i líne 3 den téacs- 'And He shall reign forever and ever'?

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 4. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Déan cur síos ar an gcaoi ina gcruthaíonn Handel mothú caithréimeach sa chuid seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(20)**

**LEATHANACH BÁN**